



Tionscadal na nDiúilicíní Péarla

Feirmeoireacht ar mhaithe leis an dúlra i ngeilleagar bríomhar tuaithe

An Fáth leis an Tionscadal



Is éard atá sa diúilicín péarla fionnuisce ná speiceas diúilicín a fhaightear in aibhneacha glana. Tá sé ar tí a dhíothaithe in Éirinn agus in Iarthar na hEorpa, áit a bhfuil titim 90% tagtha ar líon na ndiúilicíní sin le céad bliain anuas. Is í an phríomhchúis leis an meath seo ná an t-athrú agus an dianú ar úsáid na talún. Tá an speiceas ar Liosta Dearg an Aontais Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra (IUCN), agus tá sé ar cheann de na 365 speiceas is mó i mbaol ar domhan. Tá sé liostaithe i gcomhair a chaomnaithe ar an Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach.

Cuimsíonn ocht n-abhantrach in Éirinn 80% de líon iomlán na ndiúilicíní péarla fionnuisce sa tír agus d'ainmnigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra iad mar na hocht n-abhantrach is fearr sa réimse seo. Cé go bhfuil an

méid is mó diúilicíní péarla fionnuisce atá fágtha in Éirinn á gcothú ag na haibhneacha seo, tá na diúilicíní seo ag meathlú go cinnte freisin más go mall féin é, agus tá siad i mbaol a ndíothaithe mura ndéantar beart.



Aidhmeanna agus Cuspóirí an Tionscadail



Is í aidhm an tionscadail ná scéim dheonach chomhshaoil talmhaíochta, atá bunaithe ar thorthaí agus a chabhróidh le cosaint a dhéanamh ar an diúilicín péarla fionnuisce i mbaol agus ar an mór-chomhshaoil, a dhearadh agus a chur i ngníomh.

Chun a bhfuil de rún ag an tionscadal seo a bhaint amach, gabhfar do na sainchuspóirí seo a leanas laistigh d'ocht gcinn d'abhantracha tosaíochta

na ndiúilicíní péarla fionnuisce:

- (i) Dálaí aibhneacha na ndiúilicíní péarla fionnuisce a chosaint agus a leasú trí ghnáthóga nádúrtha a chothú agus a fheabhsú.
- (ii) Deis a thabhairt d'fheirmeoirí in ocht gcinn d'abhantracha tosaíochta ar ioncam breise a thuilleamh óna gcuid talún. Gheobhaidh feirmeoirí scór as toradh sainithe comhshaoil a shroicheadh.
- (iii) Tairbhí inbhuanaithe a chur ar fáil ó thaobh na bithéagsúlachta agus ó thaobh éiceachórais na n-aibhneacha, agus tacaíocht a thabhairt do gheilleagar bríomhar tuaithe



Gníomhaíochtaí an Tionscadail

Áirítear le gníomhaíochtaí an tionscadail iad seo a leanas:

- Scéim chomhshaoil talmhaíochta, atá bunaithe ar thorthaí agus a thabharfaidh luach a saothair d'fheirmeoirí as soláthar tairbhí comhshaoil, a fhorbairt agus a chur i ngníomh.
- Obair theagmhála a dhéanamh chun feasacht ar an gcomhshaoil a chur chun cinn i measc na bpobal áitiúil i ngach ceann de cheantair an tionscadail.
- An talmhaíocht nuálach a chur chun cinn trí thacú le cur chuige úrnua i leith na bainistíochta talún a bhaineann le haidhmeanna an tionscadail.
- Deiseanna sa mhargadh, a chuireann le spriocanna iomlána an tionscadail, a fhorbairt do tháirgeoirí talmhaíochta.
- Tacú le taighde agus forbairt a bhaineann le haidhmeanna an tionscadail.



Tionscadal na nDiúilicíní Péarla | Bell Height | An Neidín | Contae Chiarraí | Éireann |
V93 KD00

Oifig: + 353 (0)64 6640685 | Ríomhphost: info@pmproject.ie

Láithreán gréasáin www.PearlMusselProject.ie

facebook [Pearl Mussel Project](https://www.facebook.com/PearlMusselProject)